# Baint an Aeir



onach Ní Néill. Úsáid íomhá le caoinchead an John Hinde Archive Mary Evans Picture Library



# Baint an Aeir


1. Achoimre Feidhmiúcháin
2. Foireann & Príomh Rannpháirtithe
3. Torthaí & Aschur
4. Rannpháirtíocht Pobail
5. Achoimre Meastóireachta
6. Léargas
7. Tátal

# 1. Achoimre Feidhmiúcháin

Thug Baint an Aeir ealaíontóirí, eolaithe agus an phobal le chéile chun machnamh a dhéanamh ar an ghéarchéim aeráide, agus ar bhealaí le húsáid a bhaint as nósanna thraidisiúnta Chonamara, as an tírdhreach agus na hacmhainní nádúrtha atá ar fáil go háitiúil, chun todhchaí dícharbónaithe a bhaint amach.

Bhí an tionscnamh lonnaithe ar an gCeathrú Rua agus ar an gceantar máguaird thar tréimhse 15 mí. Faoi stiúir Ríonach Ní Néill, d'oibrigh 12 ealaíontóir agus 13 saineolaí le pobal Chonamara agus le 10 n-eagraíocht.

Leagadh amach clár comhfhoghlama agus crothú comhoibreach i gcomhar leis an phobal, agus cuireadh imeachtaí poiblí ar siúl go rialta. Eagraíodh 13 ceardlann agus 13 cur i láthair faoi ghiniúint fhuinnimh inathnuaite, athslánú phortaigh agus an mbithéagsúlacht, a rinne 888 rannpháirtí freastal orthu. Ba í an Ghaeilge príomh-theanga cumarsáide an fhoireann agus an phobal. Bunaíodh grúpa nua dúlra; d'óstáil Seid an bhFear agus Údarás na Gaeltachta cónaitheachta ealaíontóra ina raibh fáilte roimh an phobal bualadh isteach, agus eagraíodh dhá intéirneacht fisice.

Cruthaíodh réimse leathan saothair ealaíne a rinne plé ar cheisteanna agus spriocanna an phobail maidir le todhchaí aeráide Chonamara, agus a tharraing ar thraidisiúin agus scileanna na háite. Cruthaíodh dhá shaothar ealaíne ginte fuinnimh, nideog fhiadhúlra, suiteán idirghníomhach ealaíne, taispeántas ghrianghrafadóireachta, chomh maith le siúlóid ealaíne & aeráide, dhá amhrán nua-chumtha agus scannán faisnéise.

Bhí na saothair suite i láithreacha an-fheiceálacha timpeall Conamara agus i gcathair na Gaillimhe agus chabhraigh sé seo go maith le teacht ar lucht féachana nua agus an chómhrá a leathnú amach sa phobal. Bhí na saothair feicthe ag 9340 go deireadh an tionscnaimh.

D'eascair tógraí agus comhpháirtíocht sa bhreis as an dtionscnamh, ach go háirithe scéim athchóirithe phortaigh in éineacht le Údarás na Gaeltachta agus le Ollscoil na Gaillimhe a chuireann i bhfeidhm caidreamh nua idir an phobal agus an phortach.

Beidh torthaí an tionscnaimh le feiceáil sa cheantar feasta, ina measc an foscadh ginte fuinnimh agus nideog fhiadhúlra agus an scéim athchóirithe phortaigh.

Gabhann muid buíochas le gach duine a chuidigh linn an tionscnamh seo a chur i gcrích, leis na rannpháirtithe, lenár gcomhpháirtithe agus maoinitheoirí, agus le pobal Chonamara.

# 1. Achoimre Feidhmiúcháin

**Cé a ghlac páirt ann?**

888 rannpháirtithe áitiúla

12 ealaíontóir i réimsí amharc-ealaíon, filíocht, ceol, dealbhóireacht, scannánaíocht, grianghrafadóireacht

13 Saineolaí san athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, eiceolaíocht, athchóiriú portaigh, innealtóireacht

10 pháirtnéir áitiúla

9340 lucht féachana

**Cad ar chruthaigh muid?**

1 Dealbh chinéiteach á chumhachtú ag tuirbín taoide lámhdhéanta

1 Foscadh ginte fuinnimh gréine & gaoithe

1 Siúlóid filíochta, foinn & fíricí aeráide

1 Suiteán idirghníomhach ealaíne, fuaime & aeráide

1 Scannán fáisnéise

2 Amhrán nua-chumtha

1 Taispeántas ghrianghrafadóireachta

**Cad a rinne muid?**

13 ceardlann comhfhoghlam praiticiúil

13 cainteanna & cur i láthair

Tréimhse cónaithe 1 mí arna óstáil ag Seid na bhFear

Tréimhse cónaithe 3 mhí arna óstail ag Údarás na Gaeltachta

2 Intéirneacht

4 sheoladh

**Cad ar bhunaigh muid?**

An chéad togra athchóirithe bratportaigh sa Ghaeltacht

Grúpa dúlra

Gnáthóg fiadhúlra cois páirce

# 2. Foireann & príomh rannpháirtithe

## Stiúrthóir & Coimeadaí

Ríonach Ní Néill

## Rannpháirtithe pobail

Pobal na Ceathrún Rua & Ceantar na nOileáin

An Seid, Cumann na bhFear
Coiste Pháirc an Chathánaigh
Grúpa Dúlra na Ceathrún Rua
Scoil Thír an Fhia
Scoil Mhic Dara
Scoil Chuimsitheach Chiaráin
Scoil Leitir Mealláin

## Ealaíontóirí

Ríonach Ní Néill

Paddy Bloomer

Seán Ó Flaithearta

Aoife Casby

Marcus Mac Conghail

Siobhán Ní Dhuinnín

Dervla Baker

Joe Lee

Máirtín Breathnach

Caitríona Ní Chonaola

Liz Coleman

Mícheál Ó Cinnéide

## Páirtnéirí

Údarás na Gaeltachta
Ollscoil na Gaillimhe
Life Multi Peat
Comharchumann Mhic Dara
Pobal Rua
Pota Café
Solar Structures
NPWS
Wild Atlantic Nature Life IP
Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh
Oifig na nOibreacha Poiblí
Galway Science & Technology Festival


## Saineolaithe

Dr. Liz Coleman
Dr. Terry Morley
Niall Ó Brolcháin
Dr. Mícheál Ó Cinnéide
Duncan Mathews
Cuan Boake
Cian Ó Ceallaigh
Piaras Ó Giobúin
Barry O'Loughlin
Seathrún Ó Tuairisc
Columba Eagleton
Rynns Engineering
Róisín Byrne

## Cumarsáid

Lúnasa PR
Aperture Web Design
Caomhán Ó Scolaí

# 3. Torthaí & Aschur



## 3. Torthaí & Aschur

Tábla 1 COMHFHOGHLAIM PHRAITICIÚIL

| Dáta | Comhfhoghlaim Phraiticiúil | Saineolaí | | Rannpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 26/01/22 | Ealaín & Fuinneamh Inathnuaite | Paddy Bloomer | Ealaíontóir | 70 |
| 27/01/22 | Baint Carbóin sa Ghaeltacht le & Seid na bhFear | Ríonach Ní Néill, Aoife Casby | Ealaíontóirí | 8 |
| 27/01/22 | Ealaín & Fuinneamh Inathnuaite | Paddy Bloomer | Ealaíontóir | 24 |
| 28/01/22 | Ealaín & Fuinneamh Inathnuaite | Paddy Bloomer | Ealaíontóir | 9 |
| 27/01/22 | Ealaín & Fuinneamh Inathnuaite | Paddy Bloomer | Ealaíontóir | 32 |
| 13/02/22 | Siúlóid Bhithéagsúlachta ar Phortach Sheanadh Mhach | Cian Ó Ceallaigh | Eiceolaí | 31 |
| 01/04/22 - 30/04/22 | Tuirbín Taoide DIY – comhobair leis an ealaíontóir le linn tréimhse cónaitheach le Seid na bhFear | Paddy Bloomer | Ealaíontóir | 60 |
| 26/07/22 | Braiteoirí Cáilíocht Aeir DIY | Dr. Liz Coleman, David Flanagan, Ciaran Maher | Fisiceoirí | 6 |
| 27/08/22 | Léargas phraiticiúil ar phainéil gréine | Ruairí Ó Néill | Solar Structures | 20 |
| 27/08/22 | Athchóiriú Portaigh<br>Bithéagsúlacht Portaigh | Dr. Terry Morley<br>Piaras Ó Giobúin | Tíreolaí<br>Eiceolaí | 20 |
| 06/09/22 | Suirbhéireacht Bhithéagsúlachta ar Pháirc Astro na Ceathrún Rua | Cian Ó Ceallaigh | Eiceolaí | 8 |
| 07/09/22 | Suirbhéireacht Bhithéagsúlachta ar an Muirbheach, Cheathrú Rua | Cian Ó Ceallaigh | Eiceolaí | 8 |
| 24/11/22 | Staidéar Bhonnlíne ar Phortaigh Fhionnáin | Dr Terry Morley | Tíreolaí | 24 |
| 05/11/22 | Turas treoirithe go togra athchóirithe portaigh Phortach an tSeanchoill, Co. an Chláir | Barry O'Loughlin | Eiceolaí | 5 |

# 3. Torthaí & Aschur

Tábla 2 COMHFHOGHLAIM - CUR I LÁTHAIR

| Dáta | Cur i Láthair | Saineolaí | | Rannpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 24/11/21 | Climate Change & the Arts: A Post-Cop26 Roundtable Discussion, Future Earth RIA & Moore Institute NUI Galway | Ríonach Ní Néill | Ealaíontóir | 92 |
| 03/01/22 | Bithéagsúlacht na Ceathrún Rua | Cian Ó Ceallaigh | Eiceolaí | 22 |
| 06/07/22 | An t-Athrú Aeráide ar Chósta Chonamara | An Dr Mícheál Ó Cinnéide | Eolaí imshaoil | 60 |
| 06/07/22 | Spéirscéalta – an t-aer, an t-atmaisféir agus an t-athrú aeráide | an Dr Liz Coleman | Fisiceoir atmaisféarach | 60 |
| 24/08/22 | Léargas ar an tionscadal fuinneamh taoide | Cuan Boake | Fuinneamh taoide | 45 |
| 27/08/22 | Ioncam ó dhíolachán creidmheasa carbóin & eiciseirbhísí phortaigh | Niall Ó Brolcháin | Ollscoil na Gaillimhe | 25 |
| 07/10/22 | an t-Athrú Aeráide & an Ghaeltacht, An Fóram Diaspóireachta, Teacht Aniar | Ríonach Ní Néill | Ealaíontóir | 28 |
| 07/10/22 | Cur i láthair faoi Baint an Aeir don chlár Tuillte, TG4 | Ríonach Ní Néill | Ealaíontóir | |
| 05/11/22 | An t-Athrú Aeráide & an Ghaeltacht, i dTreo Polasaí Aontaithe don Ghaeltacht, Oireachtas na Gaeilge | Teacht Aniar | | 32 |
| 14/11/22 | Fístaispeáint Galway Youth Climate Assembly | Paddy Bloomer | Ealaíontóir | 100 |
| 18/11/22 | Painéil Plé faoin mBithéagsúlacht Áitiúil | an tOllamh Cathal Seoige<br>an Dr Seathrún Ó Tuairisg Máirín Mhic Lochlainn<br>Piaras Ó Giobúin<br>an Dr Ríonach Ní Néill | Ollscoil na Gaillimhe<br>Ollscoil na Gaillimhe<br>Seanchaí<br>Eiceolaí<br>Ealaíontóir | 24 |
| 18/01/23 | Maoiniú ar son athchóiriú portaigh le NPWS & EU Life Atlantic | Irene O'Brien<br>Aonghus Ó Dónaill | Wild Atlantic Nature LIFE IP<br>NPWS | 25 |
| 28/01/23 | an t-Athrú Aeráide & an Ghaeltacht, Scoil Gheimhridh Chumann Merriman | Ríonach Ní Néill | Ealaíontóir | 50 |

## 3. Torthaí & Aschur

### Tábla 3 SAOTHAIR

| | | |
|---|---|---|
| An Scailp | Seán Ó Flaithearta<br>le<br>Marcus Mac Conghail, Mícheál Ó Cinnéide, daltaí Scoil Thír an Fhia | Suiteán idirghníomhach ealaíne, fuaime & aeráide |
| Dealbh Cumhachta Gealaigh | Paddy Bloomer | Dealbh chinéiteach á chumhachtú ag tuirbín taoide lámhdhéanta |
| Turas Ealaíne & Aeráide | Mícheál Ó Cinnéide & Liz Coleman | Siúlóid filíochta, foinn & fíricí aeráide |
| Braiteoirí DIY Cáilíocht Aeir | Dave Flanagan & Ciarán Maher | Ceardlann tógála & monatóireachta le braiteoirí cáilíochta aeir |
| Mo Thóin Theolaí | Ríonach Ní Néill<br>le<br>Róisín Byrne, Aoife Casby, Duncan Mathews, Rynns Engineering et al | Foscadh ginte fuinnimh gréine & gaoithe agus nideog fhiáin "cúinne an ghiorria" |
| Loscadh | Caitríona Ní Chonaola | Amhrán nuachumtha |
| Ná Bí ag Dó | Máirtín & Éabha Breathnach | Amhrán nuachumtha |
| Athchóiriú Phortaigh Fhionnáin | Ciotóg, Údarás na Gaeltachta, EU Life Multi-Peat, Ollscoil na Gaillimhe | Scéim athchóirithe phortaigh. Foghlaim ghníomhaíochta fhadtéarmach don phobal faoi athchóiriú, bhithéagsúlacht agus maoirseacht phortaigh |
| Gabhail Mhóna | Siobhán Ní Dhuinnín & Dervla Baker | Taispeántas ghrianghrafadóireachta |
| Baint an Aeir | Ríonach Ní Néill & Joe Lee | Scannán faisnéise |
| Suíomh idirlín | Ciotóg | Suíomh idirlín |



## DEALBH CUMHACHTA GEALAIGH MARA

Dealbh chinéiteach á chumhuchtú ag tuirbín taoide

### Ealaíontóir | Artist

Paddy Bloomer

### Rannpháirtithe | Participants

An Seid, Cumann na bhFear

### Ag seoladh | sailings

| | |
|---|---|
| 09.07.22 | Cuan an Fhir Mhóir, an Cheathrú Rua |
| 06-07.08.22 | Céibh Nimmo, cathair na Gaillimhe |
| 24.08.22 | Céibh Eanach Mheáin, Eanach Mheáin |
| 20-22.11.22 | Galway Science & Technology Festival |

### Buíochas le | Thanks to

Máirtín Breathnach & Shedheads Cumann na bhFear, Micheal Flaherty, James Duncan, Cuan Boake



Tá trí pháirt leis an togra seo; ginniúint fuinneamh taoide, saoirseacht bád agus dealbhóireacht chinéiteach.

Níl cumhacht á giniúint ar mhórscála ó fhuinneamh srutha taoide go fóill, cé bhfuil dlús an-árd fuinnimh ag uisce atá ag corraí. Cuireann ceist na teicneolaíochta na haireagóirí cois teallaigh ag aislingeacht. Sa dtogra seo, cuirim m'aisling féin chun na farraige agus mo thurgnamh tuirbín taoide ag snámh.

Tá srutha taoide agus caise mhara sna cuanta timpeall ar an Cheathrú Rua. Chuaigh mé sa tóir ar na háiteanna ina bhfuil an sáile á tharraingt siar is aniar sna cuanta agus thart ar na hoileáin ag fórsaí imtharraingthe na gréine agus na gealaigh. Is ins na háiteanna seo gur féidir le tuirbín taoide cumhacht a sholáthar do mo dhealbh chinéiteach mhara.

Saoirseacht bád; is catamarán é an bád ar thóg me as péire sean-lanna tuirbín gaoithe. Is focal Astráinéisise é Catamarán, a chiallaíonn dhá phíosa adhmaid ceangailte le chéile. Is drámhaíl iad na lanna seo ón dtionscal gaoithe. Tá fadhb mhór leo mar gur as plaisteach ghloinethreisithe iad nach féidir a athchúrsáil go héasca. Is árdán é an bád seo don tuirbín taoide agus don dealbh chinéiteach.

Dealbhóireacht chinéiteach; leanann gluaiseacht na ndealbh gluaiseacht na réalta agus na bplainéad. Idir 'Etch a Sketch' agus 'swing-ball', lasann soilse na dealbha an spéir agus an uisce le stuanna agus eipiciogail.

Paddy Bloomer



## AN SCAILP

Suiteán idirghníomhach ealaíne, fuaime & aeráide

### Ealaíontóir| Artist

Seán Ó Flaithearta

### Tógáil | Construction

Seán Ó Flaithearta, Mícheál Ó Gaoithín, Patrick Ó Gaoithín

### Fuaimdhreach | Soundscape

Marcus Mac Conghail

Méabh Ní Chonfhaola & Oisín Ó Gionnáin ag léamh sliochtanna as Bailiúchán na Scol

Filíocht le Mícheál Ó Cinnéide

Taifeadta ag | Recorded by: Mícheál Ó Domhnaill, Stiúdeo na nOileán

### Áit | Location

An Muirbheach, Céibh an Dóilín, an Cheathrú Rua

### Dátaí | Date:

09.07.22 – 30.09.22

### Buíochas le | Thanks to

Ciarán Ó Ceallaigh & a mhuintir, Brídín Nic Dhonncha, Máire Ní Chualáin, Caitríona Ní Chonchubhair agus Scoil Thír an Fhia, Dúchas.ie



Leis an t-athrú aeráide ag cruthú níos mó dídeanaithe agus daoine easáitithe, tarraingímid samplaí ónár stair, agus ó chuntais áitiúil agus taithí saoil, de na ceachtanna gur féidir linn a fhoghlaim faoina bhfuil in ndán dúinn amach anseo. Is cuireadh é seo chun nóiméad de chaidreamh siombalach agus íogair a roinnt le daoine eile, chun gur féidir libhse mar dhaoine atá ag maireachtáil i 'Scailp' an ghéarchéim aeráide seo a shamhlú, freagairt di agus bhur machnamh a dhéanamh uirthi.

Déantar athinsint sa tionscadal ar scéalta atá i gcuimhne na ndaoine,agus i mBailiúchán na Scol, go háirithe scéalta faoi Oíche na Gaoithe Móire. Déantar athinsint ar chuntais ar shaol na ndaoine ba bhoichte agus ba leochailí in Éirinn le linn an Drochshaoil sna 1840idí. Cuirtear béim inár gcomhchuimhne ar eispéiris daoine a bhí i sáinn, agus ar an méid a rinne siad le teacht slán. Nuair a shiúlann duine sa taobh tíre i dtreo na Scailpe agus laistigh di is féidir fuaimdhreach a scanadh bunaithe ar na scéalta.

Faoi láthair agus níos mó agus níos mó imní orainn maidir leis an éigeandáil aeráide agus muid ag foghlaim cén leigheas atá uirthi, spreag smaoineamh na 'Scailpe' an tionscadal chun iniúchadh a dhéanamh ar spásanna foscaidh. Tógadh an 'Scailp' in aon lá amháin de láimh, le cúpla uirlis shimplí, sa gcaoi nach gcuirfí isteach ar an timpeallacht agus nach ndéanfaí dochar di. Freisin, is macalla é sin den phráinn a bhí ann in aimsir an Drochshaoil foscadh a fháil roimh thitim na hoíche. Tá nasc an-láidir idir an bealach ar tógadh agus ar dearadh an áit foscaidh agus an t-idirghníomhú idir an suiteán agus an taobh tíre timpeall air. Is gné thábhachtach ó thaobh an tionscadail de gur ábhar áitiúil atá úsáidte. Baineadh úsáid as adhmad, scraitheacha, féar agus uisce ón suíomh.Tá muid ar fad ag brath ar a chéile san éiceachóras leochaileach agus gearrshaolach seo. Tá gaol láidir idir ár dtimpeallacht agus obair an duine agus an nádúr, cuireann an 'Scailp' cosaint ar fáil ó na heilimintí ach tá sí fós fréamhaithe go hiomlán sa timpeallacht agus inár stair. Cuirtear an cheist, céard atá orainn a dhéanamh le muid fhéin a chosaint amach anseo. Is fúinn fhéin atá sé.

Seán Ó Flaithearta



## MO THÓIN THEOLAÍ

Foscadh ginte fuinnimh & cúinne an ghiorria

### Ealaíontóir | Artist

Ríonach Ní Néill

### le | with

| | |
|---|---|
| Comhairle Innealtóireachta | Columba Eagleton |
| Ealaíontóir rannpháirteach | Aoife Casby |
| Innealtóir Fuinnimh | Duncan Mathews |
| Comhairle eiceolaíocht | Cian Ó Ceallaigh |
| Comhairle tírdhreachú | Róisin Byrne |
| Comhairle deartha | Pete Casby |

### Déantúsaíocht | Fabrication

Rynns Engineering
Tony Tim Ó Conghaile
Peadar Ó Domhnaill
Bertie Folan

Ríonach Ní Néill
Patrick Lynch
Paul Kinsella
Éadaoin Ní Néill

### Arna óstáil ag | hosted by

Coiste Pháirc an Chathánaigh



Tá sé ar chumas duine ar bith fuinneamh a ghineadh anois, agus i mórán chuile áit. Tá painéil gréine agus gaoithe ar fáil go fairsing agus is féidir aon teach nó struchtúr shaorga nach mór a chur in oiriúint mar láthair ginte fuinnimh. Tá an trasdul fuinnimh ag athrú an domhain mórthimpeall orainn – ní hamháin cad atá le feiceáil, ach cad a chloistear, agus cad a bhraitear.

Ghríosaigh na féidireachtaí a bhaineann le féinghiniúint fuinnimh agus le cumhacht dhíláraithe an tionscadal chun tabhairt faoi shaothar ealaíne a bhainfeadh úsáid as teicneolaíocht inathnuaite agus as an aimsir mar ábhair ealaíne – agus a thiocfadh ar réitiú ar an easpa foscadh ag Páirc Astro na Ceathrún Rua.

Spreag radhairc a bhíonn agus a bhíodh coitianta freagra na ceiste - rónta ag déanamh bolg le gréin ar charraigreacha amach ón chósta; caoirigh ina luí go deas cluthar in aghaidh ballaí cloiche; sean-leaideanna ina luí in éadan balla...

Mar a shúnn an chloch teas na gréine isteach le bheith ar nós téitheoir faoi na hainmhithe, súnn an córas fuinnimh cumhacht na gréine agus na gaoithe chun balla déanta as fál caorach agus mata teasa a théamh le go mbeadh lucht tacaíochta in ann iad fhéin a scaoileadh isteach ar bhalla teolaí agus iad ag faire ar chluiche. Cruthaíonn na painéil gréine díon soilsithe ós a gcionn.

Cruthaíodh córas fuinnimh 1.65 kWp eis-eangaí. Is córas hibrideach 3 phainéil gréine agus mionghineadóir gaoithe é agus beifear ag déanamh monatóireacht ar mar a sholáthraíonn siad fuinnimh le imeacht na séasúir.

Ríonach Ní Néill



## CÚINNE AN GHIORRIA Páirc Astro na Ceathrún Rua

Plean le Ríonach Ní Néill

Suirbhé bhithéagsúlachta faoi stiúir Cian Ó Ceallaigh

Plean plandála & cothabhála le Róisín Byrne

Plandú le Grúpa Dúlra na Ceathrún Rua

Cluichreáin baoithe le Ríonach Ní Néil

le caoinchead Coiste Pháirc an Chathánaigh

Is gnáthóg éiritheach é an cúinne beag seo, gnáthóg nach mbeadh ann murach an duine, agus tá plandaí agus ainmhithe nach bhfeicfeá le chéile i ngnáthóga nádúrtha ag maireachtáil anois i dteannta a chéile. Portach a bhí anseo tráth, gur baineadh an móin go leac. Nuair a tógadh an páirc astro, fágadh talamh briste, lom agus scríobtha ina ndiaidh. Ach tá talamh bhriste mar seo feiliúnach do raon leathan plandaí agus ainmhithe freisin, agus tá an nádúr ag glacadh seilbh ar an talamh arís.

Má bhíonn tú socair agus má bhreathnaíonn tú go grinn, feicfidh tú go bhfuil breis is 40 phlanda fhiáin ag fás sa chúinne, agus go bhfuil na locháin uisce agus na clocha mar fhoscadh don earc luachra, don frog agus don tsnáthaid mhór.

Baintear úsáid as baoithe mar mhaisiúcháin ar gheataí nó i ngáirdíní na háite. Is comhartha don iascaire iad go bhfuil rud éigin luachmhar faoin uisce, agus is comhartha anseo iad go bhfuil seoda an dúlra ós comhair ár dhá shúil.








CIOTÓG
BAINT AN AEIR
todhchaí dícharbónaithe
TURAS EALAÍNE & AERÁIDE
Satharn 9 Iúil 6.00 - 10.30pm
Saothair nua ealaíne le Seán Ó Flaithearta & Marcus Mac Conghail, Paddy Bloomer
Siúlóidí treoirithe faoi athrú aeráide i gConamara leis na heolaithe Mícheál Ó Cinnéide, Liz Coleman
Barbeque gréine & ceol
faoi stiúir ag Ríonach Ní Néill
Áirithint & Eolas
www.ciotog.ie
Bailiú le chéile ag Áras Uí Chadhain 6pm
Gníomh Cruthaitheach don Aeráid
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
Údarás na Gaeltachta
Comharchumann Mhic Dara
POBAL RUA



## BAINT AN AEIR

Scannán fáisnéise

### Faoi stiúir ag | Directed by

Ríonach Ní Néill & Joe Lee

### Eagarthóireacht | Editor

Joe Lee

### Rannpháirtithe | participants

Caitríona Ní Chonaola
Aoife Casby
Duncan Mathews
Cian Ó Ceallaigh
Máire Ní Chualáin
Máirtín Breathnach
Éabha Breathnach
Mike Breathnach
Ruairí Ó Néill
Liz Coleman
Mícheál Ó Cinnéide
Seán Ó Domhnaill
Mícheál Ó Loideáin
Paddy Bloomer
Seán Ó Flaithearta
Niall Ó Brolcháin
Siobhán Ní Dhuinnín
Terry Morley
Cuan Boake
Sinéad Ní Fhlatharta



## GABHÁIL MHÓNA

Taispeántas grianghrafadóireacht

Ealaíontóirí | artists

Siobhán Ní Dhuinnín & Dervla Baker

Rannpháirtithe | Participants

Mícheál Breathnach

Máire Ní Chualáin

Ada Ní Thuairisg

Áit | Location

Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ros Muc

Dáta | dates

02.05.23 – 30.06.23

Thug an coiréagrafaí Siobhán Ní Dhuinnín agus an grianghrafadóir Dervla Baker cuireadh don phobal teacht agus am a chaitheamh ar an bportach chun pictiúr phortaigh a chruthú. Roinn rannpháirtihe na cuimhní cinn, scéalta agus amhráin a bhain leo agus leis an bportach. Baineadh úsáid as na céadfaí agus an chorp chun an portach a fhiosrú agus chun radharc nua ar an bportach a shamhlú.







## SEOLADH SCÉIM ATHCHÓIRITHE PORTAIGH

### Áit | Location
Portaigh Fhionnáin, Seanadh Phéistín

### Dáta | date
27.08.22

### Seoladh oifigiúil le
Sinéad Ní Fhlatharta, Údarás na Gaeltachta

### Siúlóid bhithéagsúlachta ar an phortach le
Piaras Ó Giobúin, eiceolaí

### Léargas ar athshlánú portaigh le
Dr. Terry Morley, Ollscoil na Gaillimhe / EU Life Multi-Peat

### Léargas ar chreidmheasa carbóin le
Niall Ó Brolcháin, Ollscoil na Gaillimhe

### Seoladh amhráin nuachumtha le
Máirtín & Éabha Breathnach, Caitríona Ní Chonaola

### Tae á sholáthar le gineadóir gréine
Ruairí Ó Néill, Solar Structures



# SCÉIM ATHCHÓIRITHE PHORTAIGH

## Comhpháirtíocht idir

Ciotóg, Údarás na Gaeltachta, LIFE MULTI-PEAT, Ollscoil na Gaillimhe

Is comhpháirtíocht é an chéad togra athchóirithe bratportaigh i nGaeltacht Chonamara idir an chompántas ealaíne Ciotóg, Údarás na Gaeltachta, foireann LIFE MULTI-PEAT Ollscoil na Gaillimhe agus pobal Chonamara. Déanfar obair athshlánú ar chúig acra ídithe ar phortaigh Fhionnáin i Seanadh Phéistín agus déanfar taighde ar shamhail nua ioncam ó soláthar eiciseirbhísí agus díolachán creidmheasa carbóin d'úinéirí móinchearta.

Mar chuid den obair, tá tomhais á dhéanamh ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ón phortach mar atá sé anois, agus déanfar measúnú ar an laghdú astaíochtaí agus ardú ceapadh carbóin a bhféadfaí a bhaint amach tríd athfhliuchadh agus athchóiriú portaigh, agus déanfar measúnú ar ioncaim a bhféadfaí a bheith i gceist ó dhíolachán creidmheasa carbóin agus eiciseirbhísí.

Tugtar cuireadh don phobal páirt a ghlacadh san obair athchóirithe agus monatóireachta, agus bíonn imeachtaí ealaíne, oidhreachta agus eolaíochta ar siúl go rialta air.

Táthar ag súil go dtaispeánfaidh an togra seo bealaí gur féidir linn obair le chéile chun feabhas a chur ar an timpeallacht áitiúil tríd astaíochtaí a laghdú agus caighdeán uisce agus gnáthóga fiadhúlra a thabhairt ar ais, agus ioncam a sholáthar ó na gníomhaíochtaí sin.




BAINT AN AEIR
CIOTÓG
todhchaí dícharbónaithe
dé hAoine 26 Lúnasa | Aug 7-9pm
Halla Éinne, an Cheathrú Rua
CEARDLANN BRAITEOIRÍ CÁILÍOCHT AEIR
SAOR IN AISCE
FREE
AIR QUALITY SENSOR WORKSHOP
In éineacht le fisiceoirí Dr. Liz Coleman, David Flanagan & Ciaran Maher, beimid ag foghlaim faoi bhraiteoirí réamhdhéanta cáilíocht aeir, beimid ag cur braiteoir cáilíocht aeir lámhdhéanta le chéile,& ag foghlaim conas iad a úsáid taobh amuigh & taobh istigh chun fáil amach faoin chaighdeán aeir áitiúil, faoi thruailliú aeir & na cúiseanna a dfhéadfaí a bheith leis.
Beidh deis ag rannpháirtithe braiteoir a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse ama chun monatóireacht a dhéanamh ar a mbaile/gceantar féin. Tá sé mar aidhm sa cheardlann seo daoine a chur ar an eolas maidir le truailleáin aeir agus cén chaoi laghdú a dhéanamh orthu.
Led by physicists Dr. Liz Coleman, David Flanagan & Ciaran Maher, we will learn about off-the-shelf air quality sensors, assemble a DIY sensor, & learn how to use them indoors & outdoors to gain knowledge of local air quality, possible air pollutants & potential causes. Participants can borrow a sensor to monitor their home/local air quality. This workshop aims to raise awareness of certain air pollutants so that people can be empowered and informed how to minimise the emission of these pollutants.
Eolas & áirithint | info & booking
www.ciotog.ie
24.08.22 9-10.30pm Céibh Bhéal an Daingin Ealaín, Caint, Ceol Tidal energy with Cuan Boake
27.08.22 10.30-12.30 Seoladh athchóiriú portaigh Seanadh Phéistín
03.09.22 10-11.30, 12.30-2 Suirbhé bhithéagsúlachta ar an Cheathrú Rua
Údarás na Gaeltachta
POBAL RUA






BAINT AN AEIR
CIOTÓG
todhchaí dícharbónaithe
Céadaoin 24 Lúnasa | Aug 9.00 - 10.30pm
Céibh Eanach Mheáin
in aice Tigh Mhichael Jack | next to the Hooker Bar
Dealbh Cumhachta Gealaigh Mara Seagoing Moon-Powered Sculpture le Paddy Bloomer
Ealaín, Cainteanna, Ceol
Art | Talks | Music
tidal energy talk with expert Cuan Boake
Gineadóir gréine soghluaiste Solar Structures mobile solar
Seoladh dheireannach! Final sailing!
Eolas & áirithint | info & booking
www.ciotog.ie
26.08.22 7-9pm
Ceardlann braiteoirí cáilíocht aeir | air quality sensor workshop
27.08.22 10.30 - 12.30
Seoladh athchóiriú portaigh Seanadh Phéistín
03.09.22 10- 11.30, 12.30 - 2
Suirbhé bhithéagsúlachta ar an Cheathrú Rua
Údarás na Gaeltachta
POBAL RUA

Energy – Fuinneamh Taoide
An Overview
Connemara
29th September 2015
Cuan Boake
Queen's University Belfast





SIÚLÓID BHITHÉAGSÚLACHTA
ar Phortach Sheanadh Mhach
leis an eiceolaí Cian Ó Ceallaigh
Bígí linn ag cur aithne ar phlandaí & fiadhúlra an phortaigh
DOMHNACH 13 FEABHRA
11 - 1pm
Fáilte roimh chách
Saor in aisce ach caithfear áit a chur in áirithe roimh ré
Clárú: seol ríomhphost chuig eolas@ciotog.ie
nó téacs chuig 087-4121775
íomhá le Tadashi Kato
á reachtáil mar chuid de thogra ealaíne Baint an Aeir, le maoiniú ón Scéim Gníomh Cruthaitheach don Aeráid
Gníomh Cruthaitheach don Aeráid
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
CIOTÓG



# SUIRBHÉIREACHT BHITHÉAGSÚLACHTA AN CHEATHRÚ RUA SATH 03.09.22

Ar mhaith leat aithne a chur ar phlandaí fhiáine agus gnáthóga éagsúla na Ceathrún Rua?

Tar amach linn ar an Satharn 3 Meán Fómhair.

Faoi stiúir an eiceolaí Cian Ó Ceallaigh, beidh muid ag déanamh staidéar ar na plandaí fiáine atá ag fás i dhá ghnathóg éagsúla sa cheantar.

Idir 10 – 11.30am beidh muid ag mapáil na bplandaí atá ag fás sa chúinne thiar den charrchlós ag an Pháirc Astro.
Idir 12:30 – 14:00 beidh muid ag déanamh iniúchadh ar ghnáthóg cósta an Muirbheach, ag Céibh an Dóilín.

Más maith leat bheith linn, seol rphost ag eolas@ciotog.ie nó téacs/whatsapp ag 087-4121775.

Tá fáilte roimh chách.

Gníomh Cruthaitheach don Aeráid

Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022

Rialtas na hÉireann Government of Ireland

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040





## STAIDÉAR BHONNLÍNE AR PHORTACH FHIONNÁIN
## LUAIN 24 DEIREADH FÓMHAIR
## 10 - 3PM

Tá fáilte roimh an phobal páirt a ghlacadh i staidéar bhonnlíne ar straidhpeanna atá le athshlanú ar Phortach Fhionnáin.

Má tá spéis agat i gcúrsaí timpeallachta & más mian leat cur amach phraiticiúil a fháil ar an obair atá ar bun le stop a chur le hastaíochtaí carbóin ó phortaigh, beidh tairbhe le baint as a bheith linn.

Tá an staidéar faoi stiúir ag Dr. Terry Morley, Ollscoil na Gaillimhe & EU Life Multi-Peat. Beidh muid ag déanamh suirbhéireacht ar stad na straidhpeanna, agus ag tomhais doimhneacht an phortaigh, leibhéal an uisce agus astaíochtaí gásanna.

Is féidir leat teacht don lá uilig, 10 - 3pm, nó ar feadh tréimhse níos gaire. Ní gá duit ach cur in iúl go mbeidh tú linn tríd rphost a sheoladh chuig eolas@ciotog.ie nó téacs/whatsapp ag 087-4121775.

Seo é an chéad chéim in athshlánú portaigh atá ar siúl i gcomhpháirtíocht idir an chompántas ealaíne Ciotóg, Údarás na Gaeltachta agus foireann EU Life Multi-Peat Ollscoil na Gaillimhe.

Gníomh Cruthaitheach don Aeráid · Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017-2022 · Rialtas na hÉireann Government of Ireland · Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 · Údarás na Gaeltachta · MULTI PEAT · CIOTÓG






POTA
CAFÉ
Ceiliúradh ar an mBithéagsúlacht
Taispeántas
Gnáthóga na Gaeltachta
curtha ar fáil ag
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Ollscoil na Gaillimhe
8-20 Samhain
Gailearaí Fíbín
(uaireanta oscailte POTA)
Painéal Plé faoin
mBithéagsúlacht Áitiúil
Fear an Tí
An tOll. Cathal Seoighe
Painéalaithe
Piaras Ó Giobúin
An Dr Ríonach Ní Néill
Máirín Mhic Lochlainn
An Dr Seathrún Ó Tuairisg
7-9pm
Déardaoin, 17 Samhain
POTA
Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway
CIOTÓG
Fíbín
Cruthaitheach
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
2040
POTA Café, An Tulach
www.potacafe.com



# CRUINNIÚ EOLAIS

## Maoiniú ar son Athchóiriú Portaigh

**DÉ CÉADAOIN**
**14 NOLLAIG**
**7PM – 8PM**

**AN CROMPÁN**
**AN CHEATHRÚ RUA**

Tabharfaidh ionadaithe ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra léargas ar an chóras maoinithe atá ar fáil chun cuidiú le húinéirí talún agus leis an phobal tabhairt faoi athchóiriú portaigh.

Tabharfaidh siad eolas faoin togra Wild Atlantic Nature, faoin tábhacht a bhaineann le bratphortaigh, agus faoi na bealaí inar féidir iad a athchóiriú.

arna óstáil ag Ciotóg & Comharchumann Mhic Dara

Comharchumann Mhic Dara · WILD ATLANTIC NATURE LIFE · Gníomh Cruthaitheach don Aeráid · Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 · CIOTÓG

# BITHÉAGSÚLACHT NA CEATHRÚN RUA

Ar mhaith leat níos mó eolais a bheith agat faoi bhithéagsúlacht agus ghnáthóga na Ceathrún Rua? Nó cén chaoi cosaint a thabhairt dóibh?

Bígí linn ag seisiún eolais ar Zoom leis an eiceolaí agus luibheolaí Cian Ó Ceallaigh

siúlóid ag 10.30 ar athló de bharr cúrsaí Covid

## LUAIN 3 EANÁIR

7pm ar Zoom

Clárú: seol ríomhphost chuig eolas@ciotog.ie
nó téacs chuig 087-4121775

Gníomh Cruthaitheach don Aeráid

# 4. Rannpháirtíocht Pobail

## Cumarsáid

B'iad muintir na Ceathrún Rua agus Gaeltacht Chonamara, chomh maith le pobal na Gaeilge, spriocphobal Baint an Aeir. Dá bharr sin, dhírigh an feachtas cumarsáide go mór ar mheáin na Gaeilge agus ar bhealaí cumarsáide áitiúla le cuireadh chun páirt a ghlacadh a thabhairt agus leis an phobal a chur ar an eolas.

Cuireadh 10 bfheachtas eolais faoi na himeachtaí i gcrích le linn na bliana.

D'eirigh leis na feachtais áird a tharraingt ar an obair agus rannpháirtithe/lucht féachana a mhealladh.

Caithfear aitheantas a thabhairt don dúshlán ar leith a bhaineann le feachtas bolscaireachta i mionteanga, agus nach féidir comparáid a dhéanamh leis an clúdach a bhfaighfí i mBéarla.

### Póstaeir

Cuireadh 7 bhfeachtas póstaer ar bun san iomlán. Crochadh póstaeir ar fud ceantair Chois Fharraige, na Cheathrún Rua agus Ceantar na nOileáin.

### Fógraí an Lae, Raidio na Gaeltachta

Roinneadh eolas faoi imeachtaí Baint an Aeir ar fhógraí an lae agus feasacháin nuachta Raidio na Gaeltachta.

### Nuachtlitreacha

Seoladh fógraí chuig nuachtlitreacha na 6 gcomharchumann agus an 4 pharóiste sa cheantar, na cumainn forbartha agus coistí áitiúla.

### Cumarsáid díreach

Seoladh fógraí ríomhphoist go leantóirí Ciotóg . Bunaíodh grúpa dúlra ag tús an togra, agus cuireadh na baill ar an eolas faoi na imeachtaí tríd teachtaireachtaí Whatsapp.

### Meáin Soisialta

Seoladh 77 post agus 7 imeacht ar Facebook, 1200 leantóir, feicthe ag 45,366

Seoladh 77 post ar Instagram, 479 leantóir, feicthe ag 7160

Seoladh 82 tuít ar Twitter, 341 leantóir, 30,855 radharc

### Suíomh Idirlín

Leathanaigh imeachtaí agus saothair ar www.ciotog.ie

### Feachtas nuachtáin

Bhí an feachtas dátheangach faoi stiúir ag Lúnasa PR.

9 agallamh raidió i nGaeilge, 1 agallamh raidió Béarla; 6 alt páipéar nuachta.

## CLÚDACH NA MEÁIN – Earned Media

14.02.22 faoi agallaimh & Mír ar Iris Aniar, Raidio na Gaeltachta

12.05.22 faoi agallamh ar Athmhaidin, Raidio na Gaeltachta

06/07/22 faoi agallamh ar Iris Aniar, Raidio na Gaeltachta

06/07/22 Nuacht Raidio na Gaeltachta

06/07/22 Connacht Tribune

09/08/22 Galway City Tribune

09/08/22 Galway Advertiser

19/08/22 Agriland

23/08/22 faoi agallamh ar Iris Aniar, Raidio na Gaeltachta

23/08/22 Nuacht Raidio na Gaeltachta

25/08/22 Connacht Tribune

01/09/22 Connemara Community Radio interview

02/09/22 Connacht Tribune

14/11/22 faoi agallamh ar Iris Aniar, Raidio na Gaeltachta

10/01/23 faoi agallamh ar Iris Aniar, Raidio na Gaeltachta

19/01/23 Nuacht Raidio na Gaeltachta

Feachtas nuachtáin dhá-theangach faoi stiúir ag Lúnasa PR



# 4. Rannpháirtíocht Pobail

## Rannpháirtíocht pobail i bhforbairt an cláir oibre

Bhí sé mar aidhm ag an tionscnamh teagmháil a dhéanamh le phobal nach mbíonn gníomhach i gcúrsaí ealaíne nó timpeallachta, agus iad a mhealladh chun na ceiste faoin athrú aeráide. Cuireadh iliomad bealaí éagsúla ar fáil don phobal páirt a ghlacadh sa dtionscnamh. Bhí ionchar ag an phobal ar théamaí agus forbairt na saothair ealaíne agus ar rogha na n-imeachtaí, ach go háirithe ar rogha na dtéamaí foghlama. Iarradh aiseolas ag gach imeacht agus tríd na meáin, agus chuaigh a bhfreagraí i bhfeidhm ar phleanáil na himeachtaí ina dhiaidh sin.

Leanadh fealsúnacht Seid na bhFear fáilte a chur roimh chách páirt a ghlacadh mar a d'fheill agus gan gealltanas a thabhairt. Tuigeadh an t-éileamh ama a bhíonn ar dhaoine na laethanta seo agus nach bhféadfaí a bheith ag súil leo a bheith tiomanta go hiomlán do thograí pobail.

Dhírigh an chéad céim den obair ar chomhráití, éisteacht, malartú eolais agus ransú smaointe. Bailíodh smaointe ag dhá chruinniú pobail agus tríd 13 agallaimh aonair. Eagraíodh na himeachtaí bhithéagsúlachta, phortaigh agus na seisiúin fuinneamh inathnuaite bunaithe ar mholtaí an phobail. Ghlac na healaíontóirí páirt sna himeachtaí, áit ina raibh an bhéim ar an chomhfhoghlaim agus ar thaiscéalaíocht.

Ní raibh grúpa timpeallachta ag feidhmiú sa cheantar ag an am agus bunaíodh grúpa neamhfhoirmeálta timpeallachta ar lean ar aghaidh ag feidhmiú théis críoch an tioncnaimh, rud a chur go mór le haidhm an tionscnaimh pobal ghníomhach a chothú.



# 4. Rannpháirtíocht Pobail

## Rannpháirtíocht pobail i bhforbairt na saothar ealaíne & aeráide

D'eascair na saothair agus imeachtaí ealaíne as an phróiséas comhfhoghlama agus ransú smaointe inar ghlac 325 páirt i 13 ceardlann praiticiúla agus 531 páirt i 13 cur i láthair. Ba freagra iad ar na ceisteanna, spriocanna agus prionsabail a léirigh rannpháirtithe faoin athrú aeráide, faoi ghníomhú ar son na haeraide, agus faoi thodhchaí Chonamara. Thug tógáil na saothair oiliúint phraiticiúil faoi ghiniúint agus ídiú fuinnimh in-athnuaite do na rannpháirtithe.

Tugadh cuireadh oscailte do dhaoine aonair agus do ghrúpaí páirt a ghlacadh i gcrothú na saothair. Mar shampla, le linn tréimhse cónaithe míosa Paddy Bloomer le Seid na bhFear, tugadh fáilte don phobal bualadh isteach am ar bith. Ghlacadar páirt i mbealaí éagsúla sna saothair a chrothú, ina measc

taighde a dhéanamh

eolas a bhailiú

amhráin a chumadh

físeáin, grianghrafanna agus míreanna fuaime a thaifead

suirbhéanna agus obair chaomhnaithe gnáthóige a dhéanamh

déantúsaíocht

suíomhanna a roghnú agus a chur ar fáil

Mar gheall ar comhpháirteachas nua Údarás na Gaeltachta agus foireann EU Life Multi-Peat/Ollscoill na Gaillimhe, bhí an tionscnamh in ann na spriocanna maidir le cearta phortaigh a shárú agus taighde gníomhaíochta a chur i bhfeidhm ina bhfuil an phobal ag triallú bealaí nua maoirseachta agus tuilleadh ón phortach.





# 4. Rannpháirtíocht Pobail

## Lucht Féachana na Saothair Ealaíne & Aeráide

| Saothar | Suíomh | Lucht Féachana |
|---|---|---|
| An Scailp | An Muirbheach, Trá an Dóilín, an Bóthar Buí | 1260 |
| Dealbh Cumhachta Gealaigh | Cuan an Fhir Mhóir; Céibh Eanach Mheáin; Cé Nimmo, Cathair na Gaillimhe | 3420 |
| Turas Ealaíne & Aeráide | An Cheathrú Rua | • 60 |
| Mo Thóin Theolaí | Páirc Astro, Páirc an Chathánaigh, an Cheathrú Rua | 1000/míosa |
| Athchóiriú Phortaigh Fhionnáin | Seanadh Phéistín | |
| Gabhail Mhóna | Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ros Muc | 1600 |
| | | |
| | | |

Tharla formhór na himeachtaí amuigh amuigh faoin aer, agus bhí na saothair ealaíne suite i láithreacha a raibh oscailte don phobal. Dá bharr sin mheall siad isteach agus chothaigh siad comhráití le daoine nach nglacfadh páirt in imeachtaí athrú aeráide. Bhí na healaíontóirí den tuairim gurbh iad na comhráití gan choinne a thárla le baill den phobal agus iad i mbun a gcuid oibre ná na comhráití ba thorthúla, ach go háirithe maidir le malartú tuairimí agus athrú intinne faoi ghníomhú ar son na haeráide.

Ó nádúr na gcomhráití níor déanadh taifead foirmeálta orthu, ach léiríonn an dá eiseamlár thíos an tairbhe a bhain leo:

Bhí Paddy Bloomer ag obair thar tréimhse míosa amuigh faoin aer i gclós Seid na bhFear, ar chéibheanna agus ar an fharraige, agus bhuail sé le bádóirí, saoir báid, agus daoine eile nach iad. Thar tréimhse trí mhí, bhí Ríonach Ní Néill agus foireann ag tógáil an foscadh ginte fuinnimh ar thaobh na páirce astro, áit ina raibh peileadóirí agus lucht spóirt idir óg agus aosta ag teacht agus imeacht. Léirigh duine a bhí ag dul an bealach fiosracht faoina raibh ar bun ag an t-ealaíontóir, agus thosnódh siad ag cómhrá. Leathnódh an chaint amach go réimse ábhair ar nós fuinneamh inathnuaite; fiúntas fuinneamh inathnuaite; poitéinseal fuinnimh taoide / gréine / gaoithe i gCeantar Chonamara; cén áit agus cén chaoi go bhféadfaí fuinneamh a ghineadh i gConamara; an t-athrú aeráide i gConamara; fiúntas gníomhú ar son na haeráide; todhchaí na bportach; todhchaí Chonamara.

Meastar go raibh 100 dá leithéad cómhrá ag na healaíontóirí, agus gur shroich siad pobal nua. I bhformhór na gcásanna, faoi deireadh an chómhrá léiríodh spéis tabhairt faoi ghnímh ar son na hearáide.



# 5. Achoimre meastóireachta

Baineadh úsáid as ceistneoirí agus agallaimh chun aiseolas a lorg ó rannpháirtithe na himeachtaí agus chun diaspóireacht a spreagadh. Cuireadh ceistneoirí ar fáil don phobal ar pháipéar, ar r-phost, ar líne agus ó bhéil. Chuimsigh na ceistneoirí ceisteanna ilrogha chomh maith le ceisteanna oscailte chun níos mó sonraí a bhailiú. Tugtar faoi dearadh go mbeifí ag súil le laofacht i bhfábhar gníomhú ar son na haeráide toisc go raibh na freagróirí ag freastal ar ócáidí aeráide agus gur thugadar faoi ceistneoirí a fhreagairt.

Léirigh na freagraí gur thuig chuile rannpháirtí bagairt an athraithe aeráide agus go raibh formhór daoibh toilteanach gníomhú ar son na haeráide. Taréis dóibh páirt a ghlacadh in imeacht Baint an Aeir, d'aontaigh 100% de na freagróirí gur bagairt dúinn é an t-athrú aeráid, agus chreid 88% daoibh go láidir gur bagairt atá ann.

Mhothaigh 76% difriúil faoin athrú aeráide ina gceantar fhéin agus go raibh níos mó cumas acu gníomhú ar son na haeráide taréis dóibh freastal ar imeacht. Bhí céatadán níos airde – 87% - den tuairim go bhféadfadh siad difríocht a dhéanamh tríd gníomhú ar son na haeráide, agus bhí an méid céanna toilteanach tabhairt faoi ghníomhú ar son na haeráide i ndiaidh freastal ar imeacht.


Chun níos mó eolais a fháil faoi thuairimí freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide, cuireadh ceist oscailte faoi na hathruithe a bheadh daoine sásta a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar a lorg carbóin. D'fhreagair daoine ina bhfocail féin agus rangaíodh na freagraí de réir na hathruithe a raibh beartaithe.


Moladh 21 cineál athrú, atá le feiceáil ar Graf 4, chomh maith leis an céatadán freagróirí ar mhol iad. Léirigh na moltaí 8 phríomh téama, sin iad Iompar; Beatha; Teas; Fuinneamh; Ídiú; Athchúrsáil; Eolas, Uisce. Bhain 50% daoibh le laghdú a dhéanamh ar ídiú acmhainní, cé acu taisteal, feola, breosla, fuinneamh nó uisce. Ba é laghdú a dhéanamh ar thaisteal an moladh ba choitianta, le 25% de na freagróirí á mholadh.


Iarradh ar rannpháirtithe freisin a thuairimí a thabhairt faoinar cóir don rialtas a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide (Graf 5). Moladh 8 cineál gníomhaíochta, agus cuireadh béim mar a chéile ar iompar poiblí, aisfheistiú tí, trasdul fuinnimh, agus ar cheannasaíocht an rialtas tríd eiseamlár aeráide a thabhairt don phobal.

Cuireadh ceist oscailte faoi cad a raibh ag teastáil uaidh rannpháirtithe le tabhairt faoi ghníomhú ar son na haeráide (Graf 6). Ba é an fhreagra is coitinne - ag 82% de na freagróirí - ná go raibh níos mó eolais uathu ar na bealaí is éifeachtúla gníomhú ar son na haeráide. Theastaigh uathu fios a bheith acu go mbeadh toradh ar a gcuid iarrachtaí. Déanadh éileamh freisin ar thacaíocht mhórálta tríd aithne a chur ar dhaoine eile a bhí ag gníomhú agus tríd tuilleadh ócáidí ar nós cinn Baint an Aeir a chur ar fáil.

# 5. Achoimre meastóireachta




GRAF 1


# 5. Achoimre meastóireachta

An bagairt dúinn é an t-athrú aeráide?




GRAF 2

An dóigh leat gur féidir leat difríocht a dhéanamh ag gníomhú ar son na haeráide?




GRAF 3

# 5. Achoimre meastóireachta

## CEIST OSCAILTE: Cén athruithe a bhfeifeá sásta a dhéanamh i do shaol le laghdú a dhéanamh ar do lorg carbóin?

*What changes would you be willing to make in your life to reduce your carbon footprint?*

"níos lú feola a ithe"

"Córas teasa a athrú"


"Earraí bia a roghnú ar bheagán míllte carbón"

"ba bhreá liom córas iompair phoiblí a úsáid níos minicí, ach níl sé éasca anseo i gConamara"

"Gan a bheith ag ceannach rudaí nach bhfuil gá leo"

"Faigheann mé carr ar iasacht nuair is gá, thóg mé mo charr fhéin den bhóthar an mhí seo"

"Ba mhaith liom painéil ghréine a cheannach, ach níl an t-airgead agam"





GRAF 4

## 5. Achoimre meastóireachta

**CEIST OSCAILTE:**

**Céard ba chóir don rialtas a dhéanamh le dul i ngleic leis an athrú aeráide?**

What should government do to fight climate change?




GRAF 5

# 5. Achoimre meastóireachta

**CEIST OSCAILTE:**

**Céard atá ag teastáil uait le tabhairt faoi gníomhú ar son na haeráide?**

"Aithne a chuir ar dhaoine eile sa cheantar a bhfuil ag iarraidh gníomhú "


"Rudaí taitheamhacha ar nós an ocáid aréir le sin a choimeád ar an mbothar ceart"

"Tacaíocht cheart"

"An bhfuil na hathraithe atá mise ag déanamh ag cuidiú leis na haeráide?"

"bheith ag foghlaim tuilleadh chun athruithe beaga a dhéanamh"

"How I can make a difference in my own home and educate others to do the same?"




GRAF 6

## Todhchaí Phortaigh Chonamara?

"Gur féidir le muintir na h-áite ioncam inmharthana a fháil as portaigh san todhchaí ó chreidmheasanna carbóin"

"Go gcuirfí deireadh de réir a chéile le baint mhóna, agus iad a úsáid mar áiseanna bithéagsúlachta/turasóireachta/caithimh aimsire"

"Caomhnú agus cosaint"

"Iad a chaomhnú"

"Ba mhaith liom go ndéanfaí athfhliuchadh orthu. Go mbainfí chuile speiceas ionrach astu, agus go n-íocfaí lucht bainte móna as a cuid portaigh a chaomhnú."

"cead ag daoine móna a bhaint ach ar bhealach ciallmhar."

"Iad a bheith caomhnaithe go maith ach gan dearmad a bheith déanta gurbh iad a choinneáil daoine beo sa gceantar seo. Ní féidir maireachtáil anseo gan teas."

# 6. Léargas

## Ceisteanna Íogair

Pléann tionscnaimh Gníomh Cruthaíoch don Aeráid le ceisteanna ollmhóra a bhaineann le todhchaí agus le modh maireachtála an phobal. Aithnítear go gcuireann bagairt agus éiginnteacht an t-athrú aeráide imní ar go leor daoine. Feictear an téama mar conspóideach, íogair agus bagrach, ach go háirithe i bpobal bheag tuaithe. Tharla an tionscnamh i rith géarchéim fuinnimh nuair a bhí cearta bainte móna faoi chaibidil sna meáin agus go mór i mbéal na ndaoine, agus nuair a bhí comharthaí an trasdul fhuinnimh ag teacht chun solais sa cheantar. Agus cúrsaí chomh corrach is a bhí, bhí sé tábhachtach ceisteanna an tionscnaimh a chur os comhair an phobail ar bhealaí dhearfacha agus neamh-dhúshlánacha, agus am agus spás a thabhairt do dhaoine aghaidh a thabhairt orthu mar a bhí oiriúnach dóibh fhéin. Bhí fóraim socair - mar a bhí na tréimhsí oibre idir imeachtaí - riachtanach le go mbeadh deis ag daoine dul i muinín ar a chéile agus ceisteanna deacra a phlé gan spotsholas orthu.

## Ról na nEalaíne

Chabhraigh cur chuig ealaíne an tionscnaimh go mór le dearcadh daoine a léiriú agus meon a athrú. Chuir na saothair ealaíne todhchaíochtaí dóchasacha agus diúltacha i gcás i modh cliathánach agus neamh-theagascach. Glacadh leis an ealaín  mar spás i leataobh, áit ina bhféadfaí féidireachtaí agus impleachtaí éagsúla a shamhlú, agus dul sa tseans i mbealaí nach féidir a dhéanamh sa ghnáth-saol.  Bhíodar turgnamhach agus uaillmhianach, a raibh mar eiseamlár den cur chuige a theastaíonn chun tabhairt faoi dhúshlán an dhícharbonú.

## Am

Teastaíonn am chun smaointe a scaipeadh i measc pobal, agus muinín a chur ina chéile. Ba buntáiste a bhí ann imeachtaí rialta a bheith ar siúl ar feadh bliana le ceist na haeráide a choinneáil i mbéal an phobail. Bhí an t-am an-teoranta maidir le soláthar, tógáil agus suiteáil oibreacha.

## Eiseamlár inbhuanaithe

Chuir an tionscnamh dea-chleachtais inbhuanaithe i bhfeidhm, rud ar tháinig le moltaí na rannpháirtithe maidir le gníomhú ar son na haeráide. Léirigh na saothair ealaíne bealaí éagsúla bainistiú a dhéanamh ar acmhainní; tógadh an Scailp as ábhair nádúrtha ar an suíomh, a cuireadh ar ais ag an deireadh; tógadh an Dealbh Cumhachta Gealaigh Mara as drámhaíl agus déanfar athchúrsáil as na comhpháirteanna nuair a bheidh a sheal tugtha; tógadh Mo Thóin Theolaí le go maireadh sé thar scór bliain. Cuireadh beatha áitiúil ar fáil ag imeachtaí agus tugadh roghanna iompar poiblí nó córais roinnte iompar do dhaoine.

## Tacaíocht teanga

Sa téarmaíocht bhithéagsúlacht, tá gnáthóg na Gaeilge faoi bhagairt eiseach, agus ní mhaireann sí mar theanga pobail ach i gcúpla nideog scoite amach óna chéile. Tá an teanga i mbaol a báis agus meastar nach mbeidh sí á labhairt mar theanga phobail sa Ghaeltacht faoi cheann 10 mbliana. Bhí sé práinneach nach gcuirfeadh an tionscnamh le meath na teanga, ach a mhalairt ar fad go gcuirfeadh sé le deiseanna cainte agus cumarsáide do phobal na Gaeilge in ábhair tráthúla ar nós fuinneamh inathnuaite, bithéagsúlacht, athshlánú portaigh agus a leithéid. Ba  í an Ghaeilge teanga na hoibre agus teanga cumarsáide an tionscnaimh agus bhí Gaeilge ag breis is 80% den fhoireann. Thug Éire Ildánach an-tacaíocht don aidhm seo tríd foireann le Gaeilge a chur ar fáil le linn tréimhse an tionscnaimh.

# 7. Tátal

D'eirigh le Baint an Aeir muintir Chonamara, ealaíontóirí agus saineolaithe a thabhairt le chéile chun bealaí i dtreo todhchaí décharbónaithe a shamhlú agus a bhaint amach. Chuir sé leis an díospóireacht phoiblí faoi ghníomhú ar son na haeráide. Thug sé roghanna nua iompar ar fáil don phobal ach go háirithe maidir le húsáid fuinnimh agus bainistíocht portaigh.

Fágann an tionscnamh oidhreacht fhisiciúil agus fhadtéarmach ina dhiaidh sa cheantar. Rinneadh iarracht pobal gníomhach a chothú, agus tá an toradh sin le feiceáil in imeachtaí an ghrúpa dúlra. Leanfaidh an obair ar aghaidh ar an scéim athchóirithe phortaigh agus coinneoidh foscadh Mo Thóin Theolaí air ag gineadh fuinnimh agus ag spreagadh smaointe i gcroílár na Ceathrún Rua. Tarraingeoidh siad aird phobail nua ar obair an Chiste Gníomh Cruthaíoch don Aeráid ins na blianta amach romhainn.
.

Tá muid buíoch de gach duine a chuidigh linn an tionscnamh seo a chur i gcrích, ach go háirithe de muintir na háite ar ghlac páirt agus ar thug tacaíocht do na himeachtaí go léir, agus de na oibrithe deonacha ar choistí Seid na bhFear agus Páirc an Chathánaigh, agus de Muintir Uí Cheallaigh.
Ár mbuíochas le Éire Ildánach, le hÚdarás na Gaeltachta, Ollscoil na Gaillimhe, Comharchumann Mhic Dara, Pobal Rua, Seid na bhFear, NPWS, Wild Atlantic Nature Life IP, Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Oifig na nOibreacha Poiblí, na gnólachtaí áitiúla Pota Café, Solar Structures agus lenár bpáirtnéirí uilig.